COMHDHÁIL AR AONTACHAS LEIS AN AONTAS EORPACH – AN ALBÁIN –

An Bhruiséil, 11 Aibreán 2025
(OR. en)

AD 4/25

LIMITE

CONF-ALB 4

PUBLIC

**DOICIMÉAD AONTACHAIS**

Ábhar: COMHSHEASAMH ÓN AONTAS EORPACH
– Cnuasach 2: An Margadh Inmheánach

**COMHSHEASAMH ÓN AONTAS EORPACH**

(ag eascairt as Seasamh Caibidlíochta na hAlbáine AD 1/25 CONF-ALB 1)

---

**Cnuasach Caibidlíochta: 2**

**An Margadh Inmheánach**

**Lena n-áirítear caibidil 1 – Saorghluaiseacht earraí, 2 – Saorghluaiseacht oibrithe, 3 – Ceart bunaíochta agus saoirse chun seirbhísí a sholáthar, 4 – Saorghluaiseacht caipitil, 6 – Dlí na gcuideachtaí, 7 – Dlí maoine intleachtúla, 8 – Beartas iomaíochta, 9 – Seirbhísí airgeadais, 28 – Cosaint tomhaltóirí agus sláinte**

---

PUBLIC

Tá an seasamh seo ón Aontas Eorpach bunaithe ar an seasamh ginearálta uaidh le haghaidh na comhdhála aontachais leis an Albáin (AD 5/22 CONF-ALB 2) agus tá sé faoi réir na bprionsabal caibidlíochta a fhormhuinítear ann, go háirithe na prionsabail seo a leanas:

– aon tuairim a chuirfidh an Albáin nó an tAontas in iúl maidir le caibidil shonrach den chaibidlíocht, ní dhéanfaidh sí réamhbhreith ar an seasamh a d'fhéadfaí a ghlacadh maidir leis na caibidlí eile;

– d'fhéadfadh sé nach measfaí gur comhaontuithe críochnaitheacha iad comhaontuithe ar thángthas orthu le linn na caibidlíochta maidir le caibidlí sonracha, fiú amháin comhaontuithe páirteacha, go dtí go dtiocfar ar chomhaontú foriomlán maidir leis na caibidlí uile;

agus tá sé faoi réir na riachtanas a leagtar amach i bpointí 2, 3, 5, 10, 14, 16, 23, 26, 31, 38, 39, 45, 46, 47 agus 48 den Chreat Caibidlíochta.

Molann an tAontas don Albáin leanúint den phróiseas ailínithe le *acquis* an Aontais agus caighdeáin Eorpacha agus dá chur chun feidhme agus dá fhorfheidhmiú éifeachtach, agus molann sé di go ginearálta, roimh aontachas, beartais agus ionstraimí a fhorbairt a bheidh chomh gar agus is féidir do bheartais agus ionstraimí an Aontais.

Tugann an tAontas dá aire go nglacann an Albáin, ina seasamh AD 1/25 CONF-ALB 1, le *acquis* an Aontais faoi Chnuasach 2 mar atá i bhfeidhm an 28 Feabhra 2025 agus go mbeidh sí faoi réir lena chur chun feidhme faoi dháta a haontachais leis an Aontas Eorpach, seachas i gcás na réimsí sin inar iarr sí idirthréimhse i gcaibidlí 4, 9 agus 28.

Mar fhreagairt fhoriomlán ar iarrataí na hAlbáine ar idirthréimhsí agus ar mhaoluithe, meabhraíonn an tAontas a sheasamh ginearálta caibidlíochta go bhfuil bearta idirthréimhseacha eisceachtúil, teoranta ó thaobh ama agus raon feidhme de, agus go bhfuil plean ag gabháil leo ina sainítear go soiléir céimeanna chun *acquis* an Aontais a chur i bhfeidhm. Ní fhéadfaidh leasuithe ar rialacha ná ar bheartais an Aontais a bheith i gceist leo, ní fhéadfaidh siad cur isteach ar a bhfeidhmiú cuí, ná ní fhéadfaidh saobhadh suntasach iomaíochta a bheith mar thoradh orthu.



PUBLIC

**1. Caibidil 1 – Saorghluaiseacht earraí**

Cuireann an tAontas i bhfios go láidir, maidir le **prionsabail ghinearálta** na saorghluaiseachta earraí, nach mór don Albáin ailíniú le ceanglais Airteagail 34-36 CFAE agus cásdlí ábhartha CBAE, agus a áirithiú go gcumhdaíonn sí na réimsí comhchuibhithe agus na réimsí neamh-chomhchuibhithe araon roimh an aontachas. Meabhraíonn an tAontas gur gá don Albáin tabhairt isteach na gclásal maidir le haitheantas frithpháirteach a thabhairt chun críche. Iarrann an tAontas ar an Albáin an pointe teagmhála le haghaidh rialacháin theicniúla a shainaithint agus acmhainneacht leordhóthanach a áirithiú sna hinstitiúidí ábhartha.

Tugann an tAontas dá aire leibhéal ailínithe na hAlbáine le *acquis* an Aontais i ndáil le **bearta cothrománacha** maidir le caighdeánú agus creidiúnú agus tugann sé dá aire freisin nach mór di ailíniú iomlán a áirithiú. Is díol sásaimh don Aontas na comhlachtaí caighdeánúcháin agus creidiúnúcháin atá bunaithe cheana féin san Albáin. Iarrann an tAontas ar an Albáin leanúint d'aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna neamhchomhlíontachta agus ar na moltaí a rinne CEN/CENELEC. Tugann an tAontas dá aire freisin ailíniú páirteach na hAlbáine ar an reachtaíocht náisiúnta le *acquis* an Aontais maidir le measúnú comhréireachta, maidir leis an méadreolaíocht, maidir le faireachas margaidh, maidir le fógra a thabhairt agus maidir le dliteanas táirgí. Tugann an tAontas dá aire freisin gur gá don Albáin acmhainní daonna agus airgeadais a threisiú go mór maidir le faireachas margaidh. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir gur gá don Albáin inniúlachtaí faireachais margaidh a leathnú chun na hearnálacha uile is gá a chumhdach, lena n-áirítear ceimiceáin, fearais gháis, árthaí brú simplí, aerasóil agus earraí piriteicniúla. Tugann an tAontas dá aire freisin nach bhfuil a marcáil chomhréireachta féin ag an Albáin. Is díol sásaimh don Aontas freisin go gceadaítear cheana féin le reachtaíocht náisiúnta na hAlbáine marcáil CE a úsáid d'earraí a chuirtear ar an margadh san Albáin in earnálacha ina bhforáiltear do mharcáil CE in *acquis* an Aontais.



PUBLIC

Maidir leis an **'Cur Chuige Nua agus Domhanda'**, tugann an tAontas dá aire leibhéal ailínithe reachtaigh na hAlbáine le *acquis* an Aontais maidir le comhoiriúnacht leictreamaighnéadach, maidir le trealamh ísealvoltais, maidir le trealamh raidió, maidir le pléascáin le haghaidh úsáid shibhialta, agus maidir le hearraí piriteicniúla, agus tugann sé dá aire nach mór ailíniú iomlán a áirithiú leis. Tugann an tAontas dá aire ailíniú páirteach na hAlbáine le *acquis* an Aontais maidir le bréagáin, maidir le hinnealra, maidir le hastaíochtaí torainn ó threalamh lasmuigh, maidir le hardaitheoirí, maidir le trealamh cosanta pearsanta, maidir le hárthaí brú simplí, maidir le táirgí foirgníochta, maidir le haonaid tomhais, maidir le huirlisí neamh-uathoibríocha meáite, maidir le hearraí piriteicniúla, maidir le táirgí réamhphacáistithe, agus maidir le buidéil a úsáidtear mar choimeádáin tomhais, agus tugann sé dá aire nach mór ailíniú iomlán a áirithiú leis. Meabhraítear don Aontas nach mór don Albáin a reachtaíocht a ailíniú maidir le trealamh agus córais chosanta atá beartaithe lena n-úsáid in atmaisféir a d'fhéadfadh a bheith pléascach (ATEX), maidir le héicidhearthóireacht, maidir le fearais gháis, maidir le brú-threalamh, maidir le cábla-bhealaí, agus maidir le hárthaí áineasa. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir gur gá don Albáin acmhainneachtaí leordhóthanacha riaracháin agus cur chun feidhme a thabhairt isteach chun na hoibleagáidí faoi *acquis* an Aontais maidir le 'Cur Chuige Nua agus Domhanda' a chomhlíonadh. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir freisin gur gá leibhéil leordhóthanacha faireachais margaidh agus measúnuithe comhréireachta a áirithiú.

I ndáil le ***acquis* an Aontais maidir 'Seanchur Chuige' i leith reachtaíocht maidir le táirgí** tugann an tAontas dá aire leibhéal ailínithe reachtaigh na hAlbáine le *acquis* an Aontais maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú, agus tugann sé dá aire nach mór ailíniú iomlán a áirithiú leis. Tugann an tAontas dá aire ailíniú páirteach na hAlbáine le *acquis* an Aontais maidir le REACH, maidir le glantaigh, agus maidir le dáileoirí aerasóil, agus molann sé di ailíniú iomlán a áirithiú. Tugann an tAontas dá aire freisin leibhéal íseal ailínithe reachtaigh na hAlbáine le *acquis* an Aontais maidir le réamhtheachtaithe druga, agus cuireann sé i bhfios go láidir gur gá don Albáin a reachtaíocht a ailíniú le *acquis* sin an Aontais agus maidir le mótarfheithiclí, maidir le tarracóirí (talmhaíocht, foraoiseacht), maidir le feithiclí rothacha 2/3, maidir le hastaíochtaí ó innealra soghluaiste nach innealra bóthair é, agus maidir le dea-chleachtas saotharlainne. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir freisin nach mór don Albáin acmhainneacht riaracháin leordhóthanach a áirithiú sna haireachtaí ábhartha uile agus sna comhlachtaí freagracha uile eile a bhfuil ardleibhéil sláine acu.

Cuireann an tAontas i bhfios go láidir freisin nach mór don Albáin leibhéil leordhóthanacha acmhainní daonna agus airgeadais a áirithiú le haghaidh faireachas margaidh leordhóthanach i ngach earnáil ábhartha. Iarrann an tAontas ar an Albáin a áirithiú go mbeidh soláthar leordhóthanach de bhreoslaí den cháilíocht cheart ar fáil nuair a bheidh ailíniú iomlán le *acquis* an Aontais maidir le hastaíochtaí ó fheithiclí agus ó innealra soghluaiste nach innealra bóthair é bainte amach. Iarrann an tAontas ar an Albáin freisin féachaint an bhfuil gá le hathruithe ar bhóithre agus ar 'troscán' bóthair chun feidhmiú ceart na gcóras feithiclí a rialaítear i gcomhréir le *acquis* an Aontais a áirithiú.

Maidir le **bearta nós imeachta**, is díol sásaimh don Aontas ardleibhéal ailínithe reachtaigh na hAlbáine le *acquis* an Aontais maidir le gloine chriostail, maidir le coisbheart, agus maidir le hearraí cultúrtha a aistrítear go neamhdhleathach ó chríoch Bhallstáit den Aontas, agus tugann sé dá aire gur gá ailíniú iomlán a áirithiú. Tugann an tAontas dá aire ailíniú páirteach na hAlbáine le *acquis* an Aontais maidir le trédhearcacht i ndáil le táirgí íocshláinte a phraghsáil agus a gcostais a aisíoc, maidir le lipéadú teicstíle, maidir le hairm thine, agus maidir le haistriú táirgí a bhaineann le cosaint, agus tugann sé dá aire gur gá ailíniú iomlán a áirithiú sna réimsí sin freisin. Iarrann an tAontas ar an Albáin feabhas a chur ar leibhéil na n-acmhainní daonna agus airgeadais chun leibhéil leordhóthanacha faireachais margaidh a áirithiú. Iarrann an tAontas ar an Albáin freisin na cláir is gá a bhunú chun earraí cultúrtha a onnmhairiú, a allmhairiú agus a thrádáil.

Iarrann an tAontas ar an Albáin bearta a dhéantar i g**comhrac an éillithe** a leathnú chuig na hinstitiúidí uile a bhfuil baint acu le saorghluaiseacht earraí.

**2. Caibidil 2 – Saorghluaiseacht oibrithe**

Is díol sásaimh don Aontas ailíniú páirteach na hAlbáine le *acquis* an Aontais i réimse na b**prionsabal ginearálta maidir le rochtain ar mhargadh an tsaothair**, go háirithe maidir le saorghluaiseacht oibrithe a bhaineann leis an gceart chun dul isteach, chun cónaithe agus chun obair a dhéanamh. Iarrann an tAontas ar an Albáin a áirithiú, faoi thráth an aontachais, go mbeidh saoránaigh an Aontais in ann rochtain a fháil ar a margadh saothair gan aon srianta. Tugann an tAontas dá aire freisin nach mór don Albáin a áirithiú, faoi thráth an aontachais, nach mbeidh feidhm ag srianta rochtana ar an earnáil phoiblí ach amháin maidir le poist a bhaineann go díreach leis na gníomhaíochtaí sonracha a bhaineann le feidhmiú údaráis phoiblí agus leis an bhfreagracht leas ginearálta an Stáit a choimirciú. Meabhraítear don Aontas freisin nach mór don Albáin institiúid a ainmniú a bheidh freagrach as tacú le hoibrithe taistil an Aontais agus cearta leordhóthanacha a ráthú do bhaill teaghlaigh shaoránaigh an Aontais, bídís ina náisiúnaigh den Aontas nó ina náisiúnaigh tríú tír. Iarrann an tAontas ar an Albáin freisin a áirithiú, faoi thráth an aontachais, go mbeidh na srianta ar rochtain ar an earnáil phoiblí i gcomhréir le cásdlí CBAE.


PUBLIC

Measann an tAontas go mbeidh gá le **bearta idirthréimhseacha** chun ligean do na Ballstáit atá ann faoi láthair bearta a chur i bhfeidhm lena gcuirfear srian ar rochtain ar a margaí saothair d'oibrithe ón Albáin agus i ndáil leis an tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar lena mbaineann gluaiseacht shealadach oibrithe. Faoi *acquis* an Aontais, cosnaítear cearta náisiúnach de chuid Stáit a d'aontaigh don Aontas, a bhfuil cónaí orthu go dleathach cheana féin agus atá fostaithe go dleathach i mBallstát eile. Ní chuirfear cóir is lú fabhar ar náisiúnaigh na hAlbáine ná ar a mbaill teaghlaigh ná mar a chuirtear ar náisiúnaigh tríú tír nuair atá a gcearta faoin *acquis* á bhfeidhmiú acu. Fillfidh an tAontas ar an tsaincheist sin arís ag céim níos faide anonn den chaibidlíocht. Cuirfidh an Coimisiún measúnú tionchair ar fáil.

PUBLIC

Is díol sásaimh don Aontas ailíniú páirteach na hAlbáine le *acquis* an Aontais maidir le **pinsin fhorlíontacha**. Tugann an tAontas dá aire go bhfuil an Albáin ailínithe go páirteach le *acquis* an Aontais maidir le pinsin fhorlíontacha. Iarrann an tAontas ar an Albáin ailíniú go hiomlán le *acquis* an Aontais, go háirithe maidir le scéimeanna pinsin ceirde.

Is díol sásaimh don Aontas leibhéal maith ullmhúcháin na hAlbáine maidir le **EURES**. Iarrann an tAontas ar an Albáin a áirithiú go nascfar gníomhaireachtaí príobháideacha fostaíochta go leordhóthanach leis an gcóras agus an Oifig Náisiúnta Comhordúcháin a chur ar bun.

Is díol sásaimh don Aontas go bhfuil an Albáin ailínithe go páirteach le *acquis* an Aontais lena mbunaítear an t**Údarás Eorpach Saothair**. Iarrann an tAontas ar an Albáin fothú acmhainneachta a phleanáil, a mhéid a bhaineann le TF agus acmhainneachtaí daonna araon. Iarrann an tAontas ar an Albáin freisin leanúint den obair neamhdhearbhaithe a chomhrac.

Is díol sásaimh don Aontas ailíniú páirteach na hAlbáine le *acquis* an Aontais maidir le **comhordú na gcóras slándála sóisialta**. Tugann an tAontas dá aire go mbaineann an Albáin tairbhe as taithí shuntasach ar na sásraí bunúsacha a bhaineann le comhordú na slándála sóisialta. Iarrann an tAontas ar an Albáin acmhainneacht riaracháin leordhóthanach a fhorbairt chomh maith le heolas níos doimhne agus digiteáil bhreise chun *acquis* an Aontais a chur i bhfeidhm sa réimse sin. Molann an tAontas freisin go ndéanfaí tuilleadh forbartha i réimse chomhordú na slándála sóisialta, lena n-áirítear comhaontuithe slándála sóisialta le Ballstáit an Aontais.

Tugann an tAontas dá aire agus is díol sásaimh dó go bhfuil bearta sonracha curtha i bhfeidhm ag an Albáin chun an t-éilliú a chomhrac i réimse na saorghluaiseachta oibrithe.

**3. Caibidil 3 – Ceart bunaíochta agus saoirse chun seirbhísí a sholáthar**

Is díol sásaimh don Aontas ailíniú páirteach na hAlbáine le *acquis* an Aontais maidir le h**aitheantas frithpháirteach do cháilíochtaí gairmiúla**. Meabhraítear don Aontas nach mór don Albáin ailíniú a reachtaíochta leis an *acquis* maidir le haithint cáilíochtaí gairmiúla a thabhairt chun críche, go príomha leis an Treoir maidir le Cáilíochtaí Gairmiúla ([1]) agus leis an Treoir maidir le Dlíodóirí ([2]). Cuireann an tAontas i bhfios go láidir nach mór don Albáin deireadh a chur leis na ceanglais náisiúntachta uile atá fós ag teastáil chun rochtain a fháil ar ghairm. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir freisin gur gá don Albáin na cláir staidéir, faoina bhfaightear cáilíochtaí le haghaidh gairmeacha rialáilte (earnálacha) san Albáin, a ailíniú le híoscheanglais oiliúna *acquis* an Aontais ([3]). Iarrann an tAontas ar an Albáin a hacmhainneacht riaracháin a mhéadú chun an réimse sin a bhainistiú.

Is díol sásaimh don Aontas ailíniú páirteach na hAlbáine le *acquis* an Aontais i réimse an **chirt bunaíochta agus na saoirse chun seirbhísí a sholáthar.** Iarrann an tAontas ar an Albáin bailchríoch a chur ar shainaithint na mbacainní uile a d'fhéadfadh a bheith ann do sholáthraithe seirbhísí agus ar a ndíothú. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir nach mór don Albáin ailíniú a creata dhlíthiúil le *acquis* ([4]) na Seirbhísí a thabhairt chun críche chun deireadh a chur leis na bacainní uile ar rochtain.

Is díol sásaimh don Aontas ailíniú na hAlbáine le *acquis* an Aontais i réimse na **seirbhísí poist** a mhéid a bhaineann le *acquis* na Seirbhísí Poist ([5]) agus na seirbhísí beartseachadta trasteorann ([6]). Iarrann an tAontas ar an Albáin comhlíonadh rialacha poist an Aontais agus soláthar na seirbhíse uilíche a áirithiú agus leanúint d'fhaireachán a dhéanamh ar fhorbairtí sa mhargadh poist.

Tugann an tAontas dá aire go dearfach go bhfuil bearta sonracha curtha i bhfeidhm ag an Albáin chun **an t-éilliú a chomhrac** sa cheart bunaíochta agus sa tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar.

---

([1]) Treoir 2005/36/CE
([2]) Treoir 98/5/CE agus Treoir 77/249/CEE ón gComhairle
([3]) Treoir 2005/36/CE arna leasú
([4]) Treoir 2006/123/CE
([5]) Treoir 2008/6/CE
([6]) Rialachán (AE) 2018/644



PUBLIC

**4. Caibidil 4 - Saorghluaiseacht caipitil**

Tugann an tAontas dá aire ailíniú páirteach na hAlbáine le *acquis* an Aontais maidir le **saorghluaiseacht caipitil**. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir freisin go bhfuil sé d'fhreagracht ar an Albáin a áirithiú go mbeidh gach conradh déthaobhach infheistíochta idir an Albáin agus tríú tíortha, i gcomhréir leis an *acquis* tráth an aontachais. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir nach mór don Albáin deireadh a chur lena conarthaí déthaobhacha infheistíochta le Ballstáit an Aontais, lena n-áirítear éifeachtaí dlíthiúla clásal éagtha, tráth an aontachais. Iarrann an tAontas ar an Albáin acmhainneacht agus comhordú riaracháin leordhóthanach a áirithiú chun *acquis* an Aontais maidir le saorghluaiseacht caipitil a chur chun feidhme.

Cuireann an tAontas i bhfios go láidir nach mór don Albáin deireadh a chur leis na coinníollacha idirdhealaitheacha uile atá ann cheana do shaoránaigh Bhallstáit an Aontais a bhfuil sé beartaithe acu talamh talmhaíochta a cheannach san Albáin, i gcomparáid leis na coinníollacha do shaoránaigh na hAlbáine. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir nach bhfuil na srianta sin i gcomhréir leis an *acquis* agus nach bhfuil siad ag luí leis an gComhaontú Cobhsaíochta agus Comhlachais (CCC), lena bhforáiltear, a mhéid a bhaineann le réadmhaoin a fháil ar a chríoch, go n-áiritheoidh an Albáin go gcaithfear le náisiúnaigh Bhallstáit an Aontais Eorpaigh ar an gcaoi chéanna le náisiúnaigh Bhallstáit an Aontais Eorpaigh.

Tugann an tAontas dá aire an iarraidh ón Albáin ar thréimhse 7 mbliana tar éis dháta a haontachais leis an Aontas nó go dtí an 31 Nollaig 2037 le clásal cosanta chun síneadh 3 bliana a chur leis, ar lena linn a choinneodh sí na srianta atá ann cheana maidir le talamh talmhaíochta a fháil lena n-áirítear foraoiseacht do dhaoine dlítheanacha agus nádúrtha de chuid an Aontais/LEE agus do náisiúnaigh tríú tír.

Tugann an tAontas dá aire an fhaisnéis a cuireadh isteach chun tacú lena hiarraidh. Mar sin féin, measann an tAontas go mbeidh gá le faisnéis níos mionsonraithe sula bhféadfaidh an tAontas seasamh a ghlacadh maidir leis an iarraidh sin. Iarrann an tAontas ar an Albáin tuilleadh faisnéise a chur ar fáil go háirithe maidir leis an méid seo a leanas:

a. Staid na himeartha agus bearta atá beartaithe chun deimhneacht dhlíthiúil a fheabhsú maidir le struchtúr úinéireachta talún talmhaíochta. Áirítear leis sin comhchuibhiú ar chlár talún agus sonraí cadastracha i gcomhréir leis na tagarmharcanna eatramhacha i gCnuasach 1 agus na céimeanna atá beartaithe chun cearta úinéireachta atá gan réiteach faoi láthair a shocrú.

b. Méid agus dáileadh gnóthas talmhaíochta.

c. Struchtúr úinéireachta reatha talaimh talmhaíochta ina gcuirtear béim má tá talamh talmhaíochta faoi úinéireacht eachtrannach nó ar léas acu.

d. Pleananna chun talamh talmhaíochta atá faoi úinéireacht an Stáit a phríobháidiú.

e. Srianta reatha agus beartaithe tar éis an aontachais maidir le talamh a fháil do náisiúnaigh LEE agus do náisiúnaigh tríú tír.

Tugann an tAontas dá aire ailíniú páirteach na hAlbáine le cuid de *acquis* an Aontais maidir le **seirbhísí íocaíochta**. Tugann an tAontas dá aire freisin nach mór don Albáin leanúint de bheith ag ailíniú le creat rialála an Aontais maidir le híocaíochtaí. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir nach mór don Albáin an t-ailíniú leis an *acquis* maidir le seirbhísí íocaíochta([7]) agus ríomh-airgead ([8]) a thabhairt chun críche. Meabhraítear don Aontas nach mór don Albáin ailíniú a dhéanamh leis an *acquis* maidir le híocaíochtaí trasteorann agus táillí idirmhalartaithe.

Tugann an tAontas dá aire go bhfuil an Albáin ailínithe go páirteach le *acquis* an Aontais maidir le **frithsciúradh airgid** ([9]). Cuireann an tAontas i bhfios go láidir nach mór don Albáin leanúint de bheith ag ailíniú le creat rialála an Aontais maidir le frithsciúradh airgid lena n-áirítear aistriú cistí ([10]). Tugann an tAontas dá aire freisin cuntas teiste míchothrom na hAlbáine i réimse an sciúrtha airgid. Meabhraítear don Aontas gur gá don Albáin ailíniú iomlán le *acquis* an Aontais a bhaint amach sa réimse sin. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir nach mór don Albáin cuntas teiste láidir a léiriú maidir le sciúradh airgid agus maoiniú na sceimhlitheoireachta a chomhrac.

([7]) Treoir (AE) 2015/2366
([8]) Treoir 2009/110/CE
([9]) Treoir (AE) 2015/849
([10]) Rialachán (AE) 2023/1113


PUBLIC

Tugann an tAontas dá aire go bhfuil raon beart sonrach frith-éillithe i bhfeidhm ag an Albáin maidir le **comhrac an éillithe i réimse na saorghluaiseachta caipitil**.

**5. Caibidil 6 – Dlí na gcuideachtaí**

Is díol sásaimh don Aontas go bhfuil an Albáin ailínithe a bheag nó a mhór le *acquis* an Aontais i réimse **dhlí na gcuideachtaí agus an rialachais chorparáidigh**. Tugann an tAontas dá aire ardleibhéal ailínithe na hAlbáine le ceanglais nochta do chuideachtaí agus le húsáid uirlisí agus próiseas digiteach, agus iarrann sé ar an Albáin ailíniú a dhéanamh le forálacha *acquis* an Aontais maidir le sonraí struchtúrtha/meaisín-inléite chun go mbeidh sí in ann idirnascadh ar deireadh le Córas Idirnasctha Chláir Ghnó an Aontais (BRIS). Cuireann an tAontas i bhfios go láidir gur gá don Albáin bailchríoch a chur ar an ailíniú leis an *acquis* maidir le foirmiú cuideachtaí agus ceanglais chaipitil, maidir le cumaisc agus deighiltí intíre, agus maidir le cumaisc, deighiltí agus comhshónna trasteorann, lena n-áirítear forálacha lena gcumhdaítear cosaint fostaithe, comhaltaí agus creidiúnaithe. Tugann an tAontas dá aire freisin ardleibhéal ailínithe na hAlbáine le cearta scairshealbhóirí i gcuideachtaí liostaithe [(11)]. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir nach mór don Albáin ailíniú leis an Treoir leasaitheach maidir le rannpháirtíocht fhadtéarmach scairshealbhóirí a spreagadh ([12]), lena n-áirítear na rialacha cur chun feidhme comhfhreagracha. Tugann an tAontas dá aire freisin gur gá don Albáin forálacha a thabhairt isteach chun ailíniú a dhéanamh leis na Moltaí ón gCoimisiún maidir le stiúrthóirí neamhspleácha agus coistí boird neamhspleácha, agus maidir le cáilíocht an tuairiscithe ar rialachas corparáideach. Iarrann an tAontas ar an Albáin ailíniú a dhéanamh freisin leis an Reacht maidir le cuideachta Eorpach nó leis an nGrúpáil Eorpach um Leas Eacnamaíoch (GELE). Tugann an tAontas dá aire freisin nach mór don Albáin ailíniú leis an Treoir i dtaca le Dícheall Cuí maidir le hInbhuanaitheacht Chorparáideach ([13]).

Tá an Albáin ailínithe le *acquis* an Aontais maidir le cuideachtaí aonchomhalta faoi dhliteanas teoranta. Meabhraítear don Aontas gur gá don Albáin bailchríoch a chur ar an ailíniú le *acquis* an Aontais maidir le tairiscintí táthcheangail.

---

([11]) Treoir 2007/36/CE
([12]) Treoir (AE) 2017/828
([13]) Treoir (AE) 2024/1760

Tugann an tAontas dá aire go bhfuil ardleibhéal ailínithe ag an Albáin le *acquis* an Aontais maidir le hiniúchóireacht reachtúil i réimse an **tuairiscithe cuideachtaí**. Iarrann an tAontas ar an Albáin leanúint d'acmhainneachtaí an chomhlachta formhaoirseachta iniúchóireachta poiblí a neartú a thuilleadh ó thaobh foirne agus cistithe de, chomh maith le hacmhainneachtaí an chomhlachta ghairmiúil chun a áirithiú gurb é an t-údarás inniúil atá freagrach as formhaoirseacht iniúchóireachta a dhéanfaidh dearbhú cáilíochta, imscrúduithe agus smachtbhannaí maidir leis na hiniúchtaí reachtúla, go háirithe iniúchtaí na n-eintiteas leasa phoiblí. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir gur gá don Albáin ailíniú breise a dhéanamh le *acquis* an Aontais i réimsí na gceanglas cuntasaíochta agus trédhearcachta do chuideachtaí liostaithe, maidir le tuairisciú de réir tíre([14]), agus maidir le tuairisciú inbhuanaitheachta corparáideach ([15]), agus maidir leis na critéir mhéide ([16]). Cuireann an tAontas i bhfios go láidir freisin nach mór don Albáin a creat reachtach maidir le margaí caipitil a ailíniú le ceanglais tuairiscithe ([17]).

Iarrann an tAontas ar an Albáin rialachas níos fearr a shaothrú san earnáil phríobháideach, chun sláine, trédhearcacht agus **comhrac an éillithe a chur chun cinn i réimse dhlí na gcuideachtaí**.

**6. Caibidil 7 – Dlí na maoine intleachtúla**

Is díol sásaimh don Aontas ardleibhéal ailínithe na hAlbáine le *acquis* an Aontais i réimse dhlí na maoine intleachtúla. Tugann an tAontas dá aire go dearfach freisin go bhfuil na bunstruchtúir riaracháin i bhfeidhm ag an Albáin chun cearta maoine intleachtúla a bhainistiú agus a fhorfheidhmiú. Iarrann an tAontas ar an Albáin dea-fheidhmiú agus acmhainneachtaí leordhóthanacha na struchtúr riaracháin lena ndéileáiltear le cearta maoine intleachtúla agus forfheidhmiú na gceart sin a áirithiú.

PUBLIC

([14]) Treoir 2016/881/AE
([15]) Treoir (AE) 2022/2464
([16]) Treoir (AE) 2023/2775
([17]) Treoir 2013/50/AE

Is díol sásaimh don Aontas ardleibhéal ailínithe na hAlbáine le *acquis* an Aontais maidir le **cóipcheart agus cearta gaolmhara**. Meabhraítear don Aontas nach mór don Albáin bailchríoch a chur ar an ailíniú i réimse na gceart maoine intleachtúla, go háirithe maidir le cóipcheart agus cearta gaolmhara. Iarrann an tAontas ar an Albáin tuilleadh feabhais a chur ar an gcomhar institiúideach agus ar chur chun feidhme éifeachtach na reachtaíochta. Tugann an tAontas dá aire freisin go bhfuil an Albáin ailínithe go páirteach le *acquis* an Aontais maidir le comhchuibhiú gnéithe áirithe den chóipcheart agus cearta gaolmhara sa tsochaí faisnéise, maidir le comhbhainistiú cóipchirt agus ceart gaolmhar, maidir le bunachair sonraí, maidir leis an téarma cosanta, maidir le cearta athdhíola, maidir le cearta cíosa agus iasachta poiblí, maidir le saothair dhílleachtacha agus maidir le leathsheoltóirí. Iarrann an tAontas ar an Albáin cloí le Conradh Marrakech freisin. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir gur gá don Albáin ailíniú a dhéanamh le *acquis* an Aontais maidir le cóipcheart agus cearta gaolmhara sa Mhargadh Aonair Digiteach, leis na rialacha is infheidhme maidir le cineálacha áirithe tarchuir ar líne de chuid eagraíochtaí craoltóireachta agus maidir le hatarchur clár teilifíse agus raidió (SatCab II), agus leis na rialacha maidir le hinaistritheacht trasteorann ábhair ar líne.

Tugann an tAontas dá aire go dearfach ardleibhéal ailínithe na hAlbáine le *acquis* an Aontais maidir le **cearta maoine tionsclaíche**. Iarrann an tAontas ar an Albáin an comhar institiúideach agus an oiliúint institiúideach a neartú a thuilleadh. Tugann an tAontas dá aire freisin, i réimse na ndeimhnithe forlíontacha cosanta (SPC), go bhfuil an Albáin ailínithe go hiomlán le *acquis* an Aontais maidir le táirgí cosanta plandaí agus go bhfuil sí ailínithe go páirteach le táirgí íocshláinte. Tugann an tAontas dá aire ardleibhéal ailínithe na hAlbáine le *acquis* an Aontais maidir le haireagáin bhiteicneolaíocha. Iarrann an tAontas ar an Albáin tuilleadh ailínithe a dhéanamh maidir le ceadúnú éigeantach paitinní agus maidir le rúin trádála.

Iarrann an tAontas ar an Albáin freisin an t-ailíniú reachtach le *acquis* an Aontais maidir le SPCanna le haghaidh táirgí íocshláinte a thabhairt chun críche. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir go bhforálfar leis na leasuithe atá beartaithe, *inter alia*, go measfar, ó dháta aontachais na hAlbáine, gurb é dáta eisiúna an údaraithe sin sa chéad Bhallstát den Aontas an chéad údarú chun cógas nó táirge cosanta plandaí a chur ar an margadh. Meabhraítear don Aontas gurb é an dáta ábhartha faoin *acquis* dáta eisiúna an údaraithe sin san Aontas/sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE). Cuireann an tAontas i bhfios go láidir freisin a thábhachtaí atá sé go mbeadh táirgí a chosnaítear le paitinn bhunúsach bhailí san Aontas ar dháta aontachais na hAlbáine – lena n-áirítear táirgí cógaisíochta agus táirgí cosanta plandaí – incháilithe do SPCanna.



PUBLIC

Cuireann an tAontas i dtreis a thábhachtaí atá bearta lena n-áirithítear saintréith aonadach thrádmharc an Aontais agus dhearadh an Aontais.

Meabhraítear don Aontas go ndéanfar, de bhun Rialachán Trádmharcanna AE, ó dháta aontachais Ballstáit nua, trádmharc de chuid AE a cláraíodh nó a ndearnadh iarratas air de bhun an Rialacháin seo roimh dháta an aontachais a leathnú chuig críoch an Bhallstáit nua.

Meabhraítear don Aontas gur bunphrionsabal é cearta a bheith á n-ídiú ag an Aontas/LEE atá mar bhonn agus mar thaca ag an margadh aonair, agus nach mór do na Ballstáit uile é a chomhlíonadh tráth an aontachais.

Tugann an tAontas dá aire ailíniú páirteach na hAlbáine maidir le cearta maoine intleachtúla a **fhorfheidhmiú**. Iarrann an tAontas ar an Albáin feabhas a chur ar fhorfheidhmiú na gceart maoine intleachtúla, go háirithe maidir le líon na gcásanna cúirte agus líon na gcigireachtaí agus na smachtbhannaí maidir le cearta maoine tionsclaíche. Iarrann an tAontas ar an Albáin freisin tuilleadh feabhais a chur ar oiliúint na foirne, na mbreithiúna agus na n-ionchúisitheoirí, agus acmhainní daonna a threisiú.

Tugann an tAontas dá aire, maidir le **comhrac an éillithe i réimse na gceart maoine intleachtúla**, go bhfuil raon beart sonrach frithéillithe i bhfeidhm ag an Albáin agus cuireann sé i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé iad sin a chur chun feidhme.

**7. Caibidil 8 – An beartas iomaíochta**

Tugann an tAontas dá aire, maidir leis an **gcreat dlíthiúil don bheartas iomaíochta**, go bhfuil ardleibhéal ailínithe idir na rialacha in aghaidh trustaí agus *acquis* príomha an Aontais, ach go bhfuil gníomhartha áirithe ann nach bhfuil reachtaíocht na hAlbáine ailínithe leo go fóill. Tugann an tAontas dá aire freisin go bhfuil ailíniú iomlán le forálacha Threoir 1/2019 (cé is moite de na gnéithe trasteorann) fós le baint amach sa reachtaíocht náisiúnta. I gcomhthéacs na féidearthachta go bhféadfaidh rialacha náisiúnta a bheith ag na Ballstáit maidir le rialuithe cumaisc, tugann an tAontas dá aire freisin ardleibhéal ailínithe na hAlbáine maidir leis an rialú cumasc, cé go bhfuil roinnt gnéithe de rialacha nós imeachta agus de dhlí bog an Aontais fós le hailíniú a thuilleadh. Ina theannta sin, tugann an tAontas dá aire go bhfuil sainmhíniú na hAlbáine ar státchabhair i gcomhréir, tríd is tríd, le *acquis* an Aontais. Cuireann an tAontas i bhfios nach bhfuil na rialacha maidir le Státchabhair na hAlbáine ailínithe le *acquis* an Aontais i ngach réimse, nó gur i bpáirt amháin atá siad ailínithe, lena n-áirítear na rialacha nós imeachta, ionstraimí cothrománacha agus earnála cabhrach chomh maith le hionstraimí sonracha cabhrach.



PUBLIC

Tugann an tAontas dá aire freisin nach bhfuil an Albáin ailínithe le *acquis* an Aontais i réimse an léirscaoilte a bhaineann le seirbhísí lena ngabhann an leas eacnamaíoch ginearálta, ná leis na rialacha trédhearcachta is infheidhme. Meabhraítear don Aontas gur gá don Albáin an t-ailíniú reachtach le *acquis* an Aontais a thabhairt chun críche sa chreat dlíthiúil don bheartas iomaíochta, lena n-áirítear trí reachtaíocht phríomhúil agus an reachtaíocht thánaisteach.

Is díol sásaimh don Aontas, maidir leis an g**creat institiúideach agus an acmhainneacht cur chun feidhme**, gurb ann d'Údarás Iomaíochta atá seanbhunaithe agus neamhspleách go hoibríochtúil agus atá ag feidhmiú. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir a thábhachtaí atá ailíniú reachtach iomlán chun neamhspleáchas, acmhainní, cumhachtaí agus nósanna imeachta an Údaráis Iomaíochta a ráthú chun forfheidhmiú éifeachtach a áirithiú. Tugann an tAontas dá aire gur leor acmhainneacht riaracháin na hAlbáine i réimsí na ndlíthe in aghaidh trustaí agus na gcumasc. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir freisin nach mór d'Údarás Iomaíochta na hAlbáine leanúint dá acmhainneacht riaracháin a neartú, go háirithe trí oiliúint ábhartha a chur ar a fhoireann. Meabhraítear don Aontas nach mór don Albáin leanúint de chuntas láidir forfheidhmiúcháin a fhorbairt i réimse na hiomaíochta.

Tugann an tAontas dá aire, maidir leis an Státchabhair, go bhfuil Coimisiún um Státchabhair ag an Albáin. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir gur gá don Albáin údarás atá neamhspleách go hoibríochtúil de réir bhrí CCC a dhéanamh den Choimisiún um Státchabhair. Cuireann an tAontas i dtreis freisin gur gá acmhainneacht leordhóthanach cur chun feidhme agus forfheidhmithe a bheith ann i réimse na Státchabhrach, lena n-áirítear an gá atá le cumas riaracháin an Choimisiúin um Státchabhair a neartú. Meabhraítear don Aontas nach mór don Albáin cuntas teiste láidir maidir le forfheidhmiú a bhunú i réimse na Státchabhrach, lena n-áirítear na bearta cabhrach atá ann cheana a ailíniú le *acquis* an Aontais, agus na gealltanais a tugadh faoi CCC á leanúint freisin.

Tugann an tAontas dá aire go bhfuil creat dlíthiúil i bhfeidhm ag an Albáin chun **an t-éilliú i réimse an bheartais iomaíochta a chomhrac**. Iarrann an tAontas ar Údarás Iomaíochta na hAlbáine acmhainní leordhóthanacha a fhorbairt agus an chamastaíl tairiscintí á comhrac aici chun a áirithiú go bhforfheidhmeofar treoirlínte maidir leis an soláthar poiblí agus cosaint na hiomaíochta.



PUBLIC

**8. Caibidil 9 – Seirbhísí airgeadais**

Tugann an tAontas dá aire go bhfuil an Albáin ailínithe i bpáirt le *acquis* an Aontais maidir leis **na bainc agus ilchuideachtaí airgeadais**. Is díol sásaimh don Aontas é ardleibhéal ailínithe na hAlbáine leis na ceanglais chaipitil. Meabhraítear don Aontas nach mór don Albáin ailíniú leis an leagan is déanaí den Treoir maidir le Ceanglais Chaipitil agus leis an Rialachán maidir le Ceanglais Chaipitil. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir nach mór don Albáin ailíniú le *acquis* an Aontais maidir leis na ceanglais stuamachta ar ghnólachtaí infheistíochta agus ilchuideachtaí airgeadais. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir freisin nach mór don Albáin ailíniú le *acquis* an Aontais maidir le réimse na scéimeanna ráthaithe taiscí, go háirithe maidir le méid agus cineálacha na dtaisceoirí a chumhdaítear. Tugann an tAontas dá aire freisin go bhfuil an Albáin ailínithe leis an gcéad Treoir maidir le Réiteach agus Téarnamh Baincéireachta i ndáil leis an gcreat téarnaimh agus réitigh ([18]). Meabhraítear don Aontas freisin nach mór don Albáin ailíniú leis an dara Treoir maidir le Réiteach Baincéireachta agus Téarnamh ([19]). Cuireann an tAontas i bhfios go láidir freisin gur gá don Albáin a hacmhainneachtaí maoirseachta a neartú a thuilleadh chun na freagrachtaí méadaitheacha atá i gceist le *acquis* an Aontais a chur san áireamh.

Tugann an tAontas dá aire iarraidh na hAlbáine Comhlachais Coigiltis agus Iasachtaí (SLAnna) a eisiamh ó chur i bhfeidhm fhorálacha uile an Aontais a bhaineann le hinstitiúidí creidmheasa trí leasú a dhéanamh ar Airteagal 2 den Treoir maidir le Ceanglais Chaipitil ([20]). Tugann an tAontas dá aire freisin gurb ionann Comhlachais Choigiltis agus Iasachta agus 0.77 % de shócmhainní earnáil baincéireachta na hAlbáine.

Tugann an tAontas dá aire an fhaisnéis a chuir an Albáin isteach chun tacú lena hiarraidh. Measann an tAontas go mbeidh gá le faisnéis níos mionsonraithe sula bhféadfaidh an tAontas seasamh cinntitheach a ghlacadh maidir leis an iarraidh sin, i ndáil leis an méid seo a leanas:

a. na ceanglais chaipitil agus leibhéil agus cleachtais mhaoirseachta reatha le haghaidh SLAnna;

b. Raon táirgí a thairgeann SLAnna;

c. Na cineálacha cliant a úsáideann SLAnna;

d. Lorg críochach SLAnna.

---

([18]) Treoir 2014/59/AE
([19]) Treoir (AE) 2019/879
([20]) Treoir 2013/36/AE



PUBLIC

Tugann an tAontas dá aire go bhfuil an Albáin ailínithe i bpáirt le *acquis* an Aontais maidir le h**árachas agus pinsin cheirde.** Tugann an tAontas dá aire freisin go bhfuil an Albáin ailínithe le córas sócmhainneachta I. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir nach mór don Albáin ailíniú le córas sócmhainneachta II. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir nach mór don Albáin an t-ailíniú leis an *acquis* maidir le hárachas gluaisteán a thabhairt chun críche ([21]). Meabhraítear don Aontas nach mór don Albáin a reachtaíocht maidir le dáileadh árachais a ailíniú leis an *acquis*.

Tugann an tAontas dá aire ailíniú páirteach na hAlbáine le *acquis* an Aontais maidir le **bonneagar an mhargaidh airgeadais**. Is díol sásaimh don Aontas ailíniú na hAlbáine le acquis an Aontais i réimse thrédhearcacht na n-idirbheart maoinithe urrús. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir nach mór don Albáin ailíniú le críochnaitheacht socraíochta agus le comhthaobhacht airgeadais. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir gur gá don Albáin, faoi thráth an aontachais ar a dhéanaí, na ceanglais a leagtar síos sa leagan is déanaí den Rialachán maidir le Bonneagar Margaidh Eorpach ('EMIR') ([22]) a chomhlíonadh. Beidh ar an Albáin na ceanglais sa leagan is déanaí den rialachán maidir le taisclanna lárnacha urrús (CSDR) a chomhlíonadh freisin ([23]).

Tugann an tAontas dá aire ailíniú páirteach na hAlbáine le *acquis* an Aontais maidir le **margaí urrús agus seirbhísí infheistíochta**. Is díol sásaimh don Aontas an t-ardleibhéal ailínithe maidir le réamheolairí agus bainisteoirí cistí infheistíochta malartacha. Tugann an tAontas dá aire freisin ailíniú páirteach na hAlbáine le MiFID II. ([24]) Meabhraítear don Aontas nach mór don Albáin ailíniú a dhéanamh le MiFIR ([25]). Iarrann an tAontas ar an Albáin ailíniú maidir le GCUI agus AIFMD. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir nach mór don Albáin ailíniú leis an *acquis* maidir le creidmheas morgáiste ([26]).

Tugann an tAontas dá aire nach bhfuil an Albáin ailínithe go fóill le *acquis* an Aontais maidir leis an **maoiniú inbhuanaithe**. Iarrann an tAontas ar an Albáin ailíniú leis an Rialachán maidir le Tacsanomaíocht ([27]).

Tugann an tAontas dá aire go dearfach go bhfuil bearta sonracha i bhfeidhm ag an Albáin chun **an t-éilliú a chomhrac** sna príomhchomhlachtaí a dhéileálann le seirbhísí airgeadais agus lena bhforfheidhmiú reachtach gaolmhar. Cuireann an tAontas i dtreis a thábhachtaí atá sé an t-éilliú i réimse na seirbhísí airgeadais a chomhrac ar bhonn leanúnach.

([21]) Treoir 2009/103/CE
([22]) Rialachán (AE) Uimh. 648/2012
([23]) Rialachán (AE) Uimh. 909/2014
([24]) Treoir 2014/65/AE
([25]) Rialachán (AE) Uimh. 600/2014
([26]) Treoir 2014/17/AE
([27]) Rialachán (AE) 2020/852



PUBLIC

**9. Caibidil 28 – Cosaint tomhaltóirí agus sláinte**

PUBLIC

Tugann an tAontas dá aire go bhfuil ardleibhéal ailínithe ag an Albáin le *acquis* an Aontais i réimse na **cosanta tomhaltóirí** maidir le sábháilteacht ghinearálta táirgí agus maidir le haithrisí contúirteacha. Iarrann an tAontas ar an Albáin í féin a ailíniú le *acquis* an Aontais maidir le *Safety Gate* an Aontais agus maidir leis an dliteanas i leith táirgí. Cuireann an tAontas i dtreis ardleibhéal ailínithe na hAlbáine le *acquis* an Aontais maidir le cianmhargú seirbhísí airgeadais na dtomhaltóirí, maidir le hinchomparáideacht táillí a bhaineann le cuntais íocaíochta, le haistriú cuntas íocaíochta agus le rochtain ar chuntais íocaíochta. Tugann an tAontas dá aire freisin ailíniú páirteach na hAlbáine le *acquis* an Aontais maidir leis an méid seo a leanas: téarmaí éagóracha i gconarthaí tomhaltóra, léiriú ar phraghsanna na dtáirgí a thairgtear do thomhaltóirí, réiteach malartach díospóidí ar dhíospóidí tomhaltóirí, díol earraí, cleachtais tráchtála éagóracha idir gnólachtaí agus tomhaltóirí, an amroinnt, táirge saoire fadtéarmach, conarthaí athdhíola agus malairte, taisteal láneagraithe agus socruithe taistil nasctha, agus comhaontuithe creidmheasa.

Cuireann an tAontas i bhfios go láidir nach mór don Albáin ailíniú le *acquis* an Aontais maidir le forfheidhmiú agus nuachóiriú níos fearr ar rialacha an Aontais maidir le cosaint tomhaltóirí, caingne ionadaíocha chun comhleasanna tomhaltóirí a chosaint, agus maidir le fógraíocht mhíthreorach chomparáideach. Iarrann an tAontas ar an Albáin ailíniú le *acquis* an Aontais maidir le gnéithe áirithe a bhaineann le conarthaí chun ábhar digiteach agus seirbhísí digiteacha a sholáthar, maidir le conarthaí chun earraí a dhíol, agus maidir le deisiú earraí a chur chun cinn. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir freisin nach mór don Albáin acmhainneachtaí a neartú agus acmhainní leordhóthanacha a leithdháileadh ar na comhlachtaí atá freagrach as cosaint tomhaltóirí agus ailíniú le *acquis* an Aontais maidir le comhar idir na húdaráis náisiúnta atá freagrach as cosaint tomhaltóirí.

Tugann an tAontas dá aire, maidir leis an **tsláinte phoiblí**, go bhfuil reachtaíocht na hAlbáine ceaptha chun a bheith ailínithe go hiomlán le *acquis* an Aontais maidir leis an gcaitheamh tobac a chosc agus maidir le timpeallachtaí atá saor ó thobac, ach gurb amhlaidh atá *acquis* an Aontais maidir le timpeallachtaí atá saor ó thobac agus ó aerasóil curtha ina hionad feasta. Iarrann an tAontas ar an Albáin ailíniú le caighdeáin idir-inoibritheachta agus caighdeáin cosanta sonraí an Aontais maidir le sonraí sláinte. Tugann an tAontas dá aire freisin leibhéal ailínithe na hAlbáine le *acquis* an Aontais maidir le galair theagmhálacha, agus tugann sé dá aire nach mór don Albáin é sin a thabhairt chun críche. Iarrann an tAontas freisin ar an Albáin ailíniú le *acquis* an Aontais maidir le seirbhísí na meán closamhairc.

Meabhraítear don Aontas nach mór don Albáin ailíniú le *acquis* an Aontais maidir le monarú, cur i láthair agus díol tobac agus táirgí gaolmhara, fógraíocht ar tháirgí tobac, agus le *acquis* uile eile an Aontais maidir le rialú tobac. Tugann an tAontas dá aire freisin ailíniú páirteach na hAlbáine le *acquis* an Aontais maidir le táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine (lena n-áirítear Trialacha Cliniciúla, Dea-Chleachtais Mhonaraíochta agus Dea-Chleachtais Dáileacháin, chomh maith le ceanglais maidir le Dáileoirí Mórdhíola), maidir le fuil, fíocháin agus cealla agus maidir le hullmhú leordhóthanach do theacht i bhfeidhm Rialachán (AE) 2024/1938 maidir le substaintí de bhunús daonna, maidir le meabhairshláinte agus cearta othar i gcúram sláinte trasteorann. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir gur gá don Albáin a hailíniú a thabhairt chun críche sna réimsí sin agus ailíniú a dhéanamh freisin le *acquis* an Aontais maidir le cógais dílleachta, táirgí íocshláinte le haghaidh úsáid phéidiatraiceach, táirgí ardteiripe, agus táirgí íocshláinte tréidliachta. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir nach mór údaruithe le haghaidh táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine agus le haghaidh úsáid tréidliachta a deonaíodh roimh an aontachas a uasghrádú chun leibhéal na cáilíochta, na héifeachtúlachta agus na sábháilteachta a chomhlíonadh i gcomhréir le *acquis* ábhartha an Aontais. Ina theannta sin, iarrann an tAontas ar an Albáin feabhas a chur ar shláinte na ngrúpaí leochaileacha sa daonra, lena n-áiritheofar rochtain chomhionann ar sheirbhísí sláinte ar ardchaighdeán le haghaidh na bpobal sin. Iarrann an tAontas ar an Albáin freisin acmhainneachtaí riaracháin agus teicniúla a neartú i réimse na sláinte poiblí lena n-áirítear sna réimsí lena dtabharfar aghaidh ar an méid seo a leanas: an mí-úsáid drugaí a chosc, an cothú, an tomhaltas díobhálach alcóil, gortú a chosc agus an tsábháilteacht a chur chun cinn.

Tugann an tAontas dá aire go bhfuil an Albáin ag iarraidh idirthréimhse trí bliana tar éis a haontachais leis an Aontas Eorpach go dtí an 31 Nollaig 2033 chun cloí leis na ceanglais a bhunaítear le Treoir 2001/83/CE maidir le húdarú, monarú, dáileadh agus faireachas cógas táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine san Aontas Eorpach. Tugann an tAontas dá aire freisin nach n-iarrtar aon idirthréimhse le haghaidh táirgí íocshláinte tréidliachta.

Meabhraíonn an tAontas go bhfuil comhlíonadh *acquis* an Aontais maidir le táirgí íocshláinte, agus infhaighteacht na dtáirgí sin, tábhachtach chun sábháilteacht shláinte an duine a áirithiú san Aontas. Tugann an tAontas dá aire freisin go mbaineann iarraidh na hAlbáine ní hamháin le ceanglais údarúcháin , ach freisin le gnéithe eile a rialaítear le dlí an Aontais maidir le táirgí íocshláinte, lena n-áirítear an faireachas cógas.



PUBLIC

Meabhraíonn an tAontas freisin nár cheart go gcuirfeadh aon idirthréimhse isteach ar shábháilteacht na dtáirgí íocshláinte atá ar fáil i mBallstáit eile de chuid an Aontais agus go gcuirfear ráthaíochtaí cuí san áireamh, cuir i gcás na cógais neamhchomhlíontacha a eisiamh ó aitheantas frithpháirteach i mBallstát eile de chuid an Aontais. Chun measúnú iomlán a dhéanamh ar an iarraidh sin agus ar a raon feidhme, iarrann an tAontas ar an Albáin faisnéis bhreise a chur ar fáil maidir leis an méid seo a leanas:

a. An tionchar a mheastar a bheidh ar thionscal cógaisíochta na hAlbáine.

b. Líon na dtáirgí íocshláinte:

   i. atá cláraithe san Albáin ach nach bhfuil údaraithe san Aontas;

   ii. atá cláraithe san Albáin agus údaraithe san Aontas sa nós imeachta atá údaraithe go lárnach;

   iii. atá cláraithe san Albáin agus údaraithe i gceann de nósanna imeachta údarúcháin náisiúnta na mBallstát (uimhreacha cásanna dinimiciúla freisin – uimhreacha ionchais tráth an aontachais, más féidir).

c. A mhéid a bhaineann le clárú náisiúnta cógas leighis lena mbaineann ceanglais maidir le húdaruithe margaíochta an Aontais a choigeartú, faisnéis a sholáthar maidir leis an gcaoi ar cuireadh leibhéal éagsúil castachta na mbealaí údaraithe éagsúla faoi *acquis* an Aontais san áireamh agus measúnú á dhéanamh ar an tionchar ar thionscal na hAlbáine agus ar an riarachán náisiúnta.

PUBLIC

d. Maidir le cógais leighis chriticiúla a sholáthar d'othair san Albáin agus san Aontas mar atá sé faoi láthair,

e. Maidir le comhdhéanamh na gcógas intíre agus na gcógas a fhaightear i dtíortha nach tíortha de chuid an Aontais iad atá údaraithe faoi láthair lena gcur ar mhargadh na hAlbáine, a mhéid atá comhdhéanamh na gcógas sin comhionann le comhdhéanamh na gcógas atá údaraithe ag an gCoimisiún lena gcur ar mhargadh aonair an Aontais.

f. Nósanna imeachta agus margadh na hAlbáine le haghaidh táirgí íocshláinte tréidliachta, ar gá an Albáin a ailíniú le *acquis* ábhartha an Aontais ina leith freisin, agus ar gá d'údaruithe an *acquis* sin a chomhlíonadh ina leith.

PUBLIC

Tugann an tAontas dá aire go dearfach go bhfuil an creat institiúideach i bhfeidhm ag an Albáin chun **an t-éilliú a chomhrac** i réimse na cosanta tomhaltóirí agus sláinte agus tá sé ag súil go n-áiritheoidh an Albáin leibhéil mhaithe sláine sna réimsí sin.

* * *

I bhfianaise staid reatha na n-ullmhúchán, tugann an tAontas dá aire nach bhféadfar, ar an tuiscint nach mór don Albáin leanúint de dhul chun cinn a dhéanamh san ailíniú le *acquis* an Aontais a chumhdaítear leis na caibidlí seo a leanas, agus i gcur chun feidhme an *acquis* sin, iad sin a dhúnadh go sealadach ach amháin nuair a chomhaontóidh an tAontas gur comhlíonadh na tagarmharcanna seo a leanas:

**<u>Caibidil 1 – Saorghluaiseacht earraí</u>**

- Tá ardleibhéal ailínithe ag an Albáin le clásail a thabhairt isteach maidir le haitheantas frithpháirteach, agus leis na leasuithe is gá ar reachtaíocht intíre agus ar chleachtais riaracháin, lena gcomhlíontar na hoibleagáidí a eascraíonn as Airteagail 34-36 CFAE.

- Tá an Albáin ailínithe le *acquis* an Aontais maidir le reachtaíocht chothrománach táirgí agus léiríonn sí ardleibhéal ailínithe le *acquis* an Aontais maidir le táirgí sa chaibidil seo, go háirithe sna hearnálacha sin nach leor an t-ailíniú nó ina bhfuil an t-ailíniú teoranta go dtí seo.

- Léiríonn an Albáin go bhfuil acmhainneacht riaracháin leordhóthanach aici lena ngabhann ardchaighdeáin ionracais chun an reachtaíocht a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú go cuí, faoi thráth an aontachais, i ngach réimse cothrománach a dhéanann difear do shaorghluaiseacht earraí (lena n-áirítear caighdeánú, creidiúnú, méadreolaíocht, measúnú comhréireachta agus faireachas margaidh) chomh maith le *acquis* an Aontais maidir le táirgí sa chaibidil seo.

**<u>Caibidil 2 – Saorghluaiseacht oibrithe</u>**

- Léiríonn an Albáin go bhfuil struchtúir agus cumas forfheidhmithe leordhóthanach aici chun an *acquis* maidir le saorghluaiseacht oibrithe a chur chun feidhme ina iomláine faoi thráth an aontachais.

**<u>Caibidil 3 – Ceart bunaíochta agus saoirse chun seirbhísí a sholáthar</u>**

- Ghlac an Albáin liosta de ghairmeacha beatha a rialaítear de réir bhrí *acquis* ábhartha an Aontais, liosta ina sonraítear na gníomhaíochtaí a chuimsítear le gach gairm maille leis na boinn chirt a bhí leis na rialacháin, agus chuir sí an liosta sin in iúl don Choimisiún Eorpach.

- Rinne an Albáin na cláir staidéir, faoina bhfaightear cáilíochtaí le haghaidh gairmeacha rialaithe san Albáin, a ailíniú le híoscheanglais oiliúna Threoir 2005/36/CE agus leis na leasuithe ábhartha a ghabhann léi.

- Tríd an Treoir um Sheirbhísí ([28]) a chorprú, rinne an Albáin an rialachán cothrománach maidir le seirbhísí a ailíniú, agus léiríonn sí tuilleadh dul chun cinn maidir le hailíniú na reachtaíochta earnálaí agus maidir leis an acmhainneacht riaracháin ghaolmhar.

- Tá an Albáin ailínithe leis an *acquis* lena n-aisghairtear aon cheanglas náisiúntachta maidir le rochtain agus feidhmiú gníomhaíochtaí seirbhíse, cé is moite de cheanglais náisiúntachta a bhfuil údar leo agus atá comhréireach i gcomhréir le hAirteagal 51 CFAE. Ní foláir feidhm a bheith ag na leasuithe sin tráth nach déanaí ná dáta an aontachais.

([28]) Treoir 2006/123/CE

**Caibidil 4 - Saorghluaiseacht caipitil**

- Tá an Albáin ailínithe leis an *acquis* maidir le gluaiseachtaí caipitil agus léiríonn sí go mbeidh an tír in ann é a chur chun feidhme go hiomlán faoi thráth an aontachais, agus é á áirithiú aici go mbainfear na srianta uile atá fágtha.

- Tá an Albáin ailínithe le *acquis* an Aontais i réimse na n-íocaíochtaí, go háirithe a mhéid a bhaineann le seirbhísí íocaíochta sa mhargadh inmheánach (an Treoir maidir le Seirbhís Íocaíochta arna leasú), íocaíochtaí trasteorann agus an *acquis* maidir le Limistéir Eorpaigh Aonair d'Íocaíochtaí([29]), agus léiríonn sí go mbeidh sí in ann é a chur chun feidhme go hiomlán faoi thráth an aontachais.

- Tá an Albáin ailínithe le *acquis* an Aontais i réimse an choisc ar sciúradh airgid agus ar mhaoiniú na sceimhlitheoireachta (go háirithe an Treoir maidir leis an Sciúradh Airgid a Chomhrac, an Rialachán maidir leis an Sciúradh Airgid a Chomhrac agus an Rialachán maidir le hAistriú Cistí, arna leasú). Léiríonn an Albáin acmhainneacht riaracháin leordhóthanach chun an reachtaíocht agus na hoibleagáidí ábhartha a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú go cuí maidir leis an Sciúradh Airgid a Chomhrac / Maoiniú na Sceimhlitheoireachta a Chomhrac, agus léiríonn sí dul chun cinn follasach i dtreo cuntas teiste láidir. Léiríonn an Albáin go mbeidh sí réidh chun an *acquis* a chur chun feidhme go hiomlán ó lá an aontachais.

**Caibidil 6 – Dlí na gcuideachtaí**

- Rinne an Albáin a reachtaíocht a ailíniú le forálacha ginearálta *acquis* an Aontais maidir le dlí na gcuideachtaí agus bunú agus feidhmiú cuideachtaí faoi dhliteanas teoranta, cumasc agus deighiltí intíre, agus comhshónna, cumasc agus deighiltí trasteorann.

- Tá a reachtaíocht ailínithe ag an Albáin leis an Treoir maidir le Cearta Scairshealbhóirí arna leasú ([30]), leis an Treoir maidir le Tairiscintí Táthcheangail, agus áirithíonn sí go mbeidh sí in ann an Treoir maidir le Dícheall Cuí i dtaca le hInbhuanaitheacht Chorparáideach a chur chun feidhme ([31]) ó dháta an aontachais.

([29]) Rialachán (AE) Uimh. 260/2012
([30]) Treoir (AE) 2017/828
([31]) Treoir (AE) 2024/1760



PUBLIC

- Rinne an Albáin a Dlí maidir le Margaí Caipitil, agus an reachtaíocht ábhartha cur chun feidhme, a ailíniú leis an *acquis* lena n-áirítear an leagan is déanaí den Treoir um Thrédhearcacht ([32]), agus rinne sí a córas tuairiscithe airgeadais, lena n-áirítear reachtaíocht cur chun feidhme, a ailíniú leis an *acquis* lena n-áirítear an Treoir Chuntasaíochta ([33]) arna leasú ([34]).

- Rinne an Albáin a reachtaíocht iniúchóireachta reachtúla, lena n-áirítear reachtaíocht cur chun feidhme, a ailíniú leis an leagan is déanaí den Treoir Iniúchóireachta. Ba cheart aird ar leith a thabhairt, agus an córas formhaoirseachta ar iniúchóireacht phoiblí á eagrú, chun a áirithiú gurb é an t-údarás inniúil atá freagrach as formhaoirseacht iniúchóireachta a bheidh i mbun dearbhú cáilíochta, imscrúduithe agus smachtbhannaí a bhaineann leis na hiniúchtaí reachtúla, go háirithe iniúchtaí reachtúla eintiteas leasa phoiblí.

PUBLIC

**<u>Caibidil 7 – Dlí na maoine intleachtúla</u>**

- Tugann an Albáin faoi na leasuithe reachtacha uile is gá chun a áirithiú go n-ídeofar cearta san Aontas/LEE i ngach réimse ó dháta an aontachais.

- Rinne an Albáin a reachtaíocht a ailíniú leis an *acquis* maidir le cearta maoine intleachtúla, go háirithe maidir le cóipchearta agus cearta gaolmhara, cearta maoine tionsclaíche agus forfheidhmiú Maoine Intleachtúla.

- Áirithíonn an Albáin acmhainneacht riaracháin leordhóthanach chun cearta maoine intleachtúla a chlárú agus soláthraíonn sí cuntas teiste maidir le forfheidhmiú éifeachtach ag na húdaráis riaracháin ábhartha, agus trí cheartas sibhialta agus, i gcás inarb iomchuí, trí cheartas coiriúil.

**<u>Caibidil 8 – An beartas iomaíochta</u>**

- Tá an Albáin ailínithe le *acquis* an Aontais a chumhdaítear leis an gcaibidil maidir leis an mbeartas iomaíochta.

- Tá acmhainneacht riaracháin agus bhreithiúnach leordhóthanach forbartha ag an Albáin i réimse na ndlíthe in aghaidh trustaí, na gcumasc agus an rialaithe Státchabhrach, lena n-áirítear trí neamhspleáchas oibríochtúil an Choimisiúin um Státchabhair a áirithiú.

---

([32]) Treoir 2004/109/CE
([33]) Treoir 2013/34/AE
([34]) leis an Treoir de réir tíre, leis an Treoir maidir le tuairisciú inbhuanaitheachta corparáideach, agus leis an Treoir maidir le critéir mhéide (Treoir 2023/2775/AE)

- Tá teist láidir forfheidhmithe léirithe ag an Albáin i réimse na ndlíthe in aghaidh trustaí agus na gcumasc, lena n-áirítear cuntas teiste maidir le hobair leantach riaracháin agus bhreithiúnach atá éifeachtach agus éifeachtúil ar sháruithe, lena n-áirítear trí smachtbhannaí díspreagthacha a fhorchur, i gcás inarb iomchuí.

- Tá teist láidir forfheidhmithe léirithe ag an Albáin i réimse an rialaithe Státchabhrach, lena n-áirítear cuntas teiste maidir le fógra *ex-ante* a thabhairt faoi chabhair, measúnú críochnúil agus bearta agus scéimeanna cabhrach a ailíniú go héifeachtach leis an *acquis*, chomh maith le bearta leantacha riaracháin agus breithiúnacha éifeachtacha agus éifeachtúla, lena n-áirítear trí chabhair neamhdhleathach agus neamh-chomhoiriúnach a aisghabháil i gcás inarb infheidhme.

PUBLIC

**<u>Caibidil 9 – Seirbhísí airgeadais</u>**

- Tá ardleibhéal ailínithe ag an Albáin leis an *acquis* i réimse na baincéireachta agus na n-ilchuideachtaí airgeadais, go háirithe maidir le ceanglais chaipitil, maoirseacht ar ilchuideachtaí airgeadais, cosaint taiscí, atheagrú agus foirceannadh institiúidí creidmheasa agus tá sé léirithe aici go bhfuil an acmhainneacht ag an tír ailíniú go hiomlán leis an *acquis* roimh an aontachas agus é a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú ó lá an aontachais.

- Tá ardleibhéal ailínithe ag an Albáin leis an *acquis* i réimse an árachais (lena n-áirítear Sócmhainneacht II) agus na bpinsean ceirde, go háirithe maidir le hárachas saoil, athárachas, dáileadh árachais, agus árachas dliteanais mótarfheithicle, agus tá sé léirithe aici go mbeidh an tír réidh chun an *acquis* a chur chun feidhme ó lá an aontachais ar aghaidh.

- Tá ardleibhéal ailínithe ag an Albáin leis an *acquis* i réimse bhonneagar an mhargaidh airgeadais, lena n-áirítear imréiteach agus socraíocht, go háirithe maidir le críochnaitheacht socraíochta agus socruithe comhthaobhachta airgeadais, agus i réimse na margaí urrús, na seirbhísí infheistíochta, agus na bainistíochta infheistíochta, go háirithe maidir le creat na Margaí in Ionstraimí Airgeadais, réamheolaire, trédhearcacht agus drochúsáid mhargaidh, agus maidir le bainistiú infheistíochta, agus tá sé léirithe aici go mbeidh an tír réidh chun an *acquis* a chur chun feidhme ó lá an aontachais.

- Tá ardleibhéal ailínithe ag an Albáin leis an *acquis* i réimse an airgeadais dhigitigh, go háirithe a mhéid a bhaineann le hathléimneacht oibríochtúil agus criptea-shócmhainní agus tá sé léirithe aici go mbeidh an tír réidh chun an *acquis* maidir le maoiniú digiteach agus maoiniú inbhuanaithe a chur chun feidhme ó lá an aontachais.

- Léirigh an Albáin stóinseacht agus neamhspleáchas na n-institiúidí rialála agus maoirseachta ag a bhfuil ardchaighdeáin ionracais – i gcomhréir le ceanglais na reachtaíochta earnálaí éagsúla – ag a bhfuil acmhainneacht riaracháin leordhóthanach chun an *acquis* a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú i réimse na seirbhísí airgeadais.

**Caibidil 28 – Cosaint tomhaltóirí agus sláinte**

- Tá ardleibhéal ailínithe ag an Albáin le *acquis* ginearálta an Aontais maidir le sábháilteacht táirgí agus cosaint tomhaltóirí (lena n-áirítear *acquis* an Aontais maidir le forfheidhmiú príobháideach, ráthaíochtaí agus ábhar digiteach), lena n-áirithítear cosaint leasanna tomhaltóirí, a sábháilteacht, fothú acmhainneachta dá n-eagraíochtaí tomhaltóirí, forfheidhmiú éifeachtach agus an ceart chun sásaimh. Léiríonn an Albáin na struchtúir riaracháin leordhóthanacha lena mbaineann ardchaighdeáin ionracais agus acmhainneachta forfheidhmiúcháin, lena n-áirítear na leibhéil neamhspleáchais is gá, chun iad a chur chun feidhme i gceart faoi thráth an aontachais.

- Tá ardleibhéal ailínithe ag an Albáin le reachtaíocht an Aontais agus leis na hoibleagáidí idirnáisiúnta maidir le rialú tobac chomh maith lena cur chun feidhme agus lena forfheidhmiú iomlán agus cuí.

- Tá an Albáin ailínithe le *acquis* an Aontais maidir le cearta othar i gcúram sláinte trasteorann, substaintí de bhunús daonna, táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine agus le haghaidh úsáid tréidliachta, cosmaidí agus feistí leighis, tá ardleibhéal ailínithe aici le *acquis* uile eile an Aontais maidir leis an tsláinte phoiblí, agus léiríonn sí go bhfuil na leibhéil acmhainneachta agus sláine riaracháin is gá aici, lena n-áirítear córas/údarás maoirseachta inbhuanaithe, chun *acquis* an Aontais maidir leis an tsláinte phoiblí a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú i gceart sna réimsí sin uile.



PUBLIC

Le linn na caibidlíochta, leanfar d'fhaireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir le hailíniú le *acquis* an Aontais agus le caighdeáin ábhartha Eorpacha agus maidir le cur chun feidhme an *acquis* agus na gcaighdeán sin. Measann an tAontas gur den tábhacht é go dtabharfaidh an tAontas aird ar leith ar fhaireachán ar na saincheisteanna sonracha uile a luaitear thuas d'fhonn acmhainneacht riaracháin na hAlbáine a áirithiú, d'fhonn a áirithiú go bhfuil sé d'acmhainneacht aici ailíniú dlíthiúil a thabhairt chun críche i ngach earnáil faoin gcnuasach sin chomh maith le tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh maidir le cur chun feidhme agus forfheidhmiú. Ní mór aird ar leith a thabhairt ar na naisc idir an cnuasach atá faoi chaibidil anseo agus cnuasaigh chaibidlíochta eile. Ní féidir measúnú deiridh a dhéanamh ar chomhréireacht reachtaíocht na hAlbáine le *acquis* an Aontais agus le caighdeáin Eorpacha ábhartha ná ar a hacmhainneacht cur chun feidhme go dtí céim níos déanaí den chaibidlíocht. Sa bhreis ar an bhfaisnéis uile a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil ón Aontas le haghaidh na caibidlíochta sa chnuasach seo, agus atá le cur ar fáil don Chomhdháil, iarrann an tAontas ar Mhontainéagró faisnéis mhionsonraithe i scríbhinn a chur ar fáil go rialta don Chomhairle Cobhsaíochta agus Comhlachais maidir leis an dul chun cinn i gcur chun feidhme an *acquis*.

I bhfianaise na mbreithniúchán uile thuas, beidh ar an gComhdháil filleadh ar an gcnuasach sin tráth is iomchuí.

Thairis sin, meabhraítear don Aontas go bhféadfadh *acquis* nua dá chuid teacht chun bheith ann idir an 28 Feabhra 2025 agus tabhairt i gcrích na caibidlíochta.

PUBLIC